

CAOL DÍREACH...

go ceann scríbe!

gaeilge.ie

THE IRISH
LANGUAGE
SUPERHIGHWAY

An Ghaeilge
The Irish Language

Foghlaim
Learning

Úsáid
Using

Eolair
Directory

Foras na Gaeilge
Foras na Gaeilge

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsaí/imeachtaí a thógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an sulomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chibear-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

gaeilge.ie

do nasc leis an teanga

your link to the language

 Foras na Gaeilge

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) E: colas@forasnagaeilge.ie

Tá súil agam anois agus an tíogar ceilteach imithe agus an pota óir a chuir an dallamullóg orainn ar fad, follamh, go mbeidh deis againn filleadh ar an saol deas suaimhneach a bhí againn roimhe.

Go dtí sin ba linn féin a raibh againn. B'fhéidir nach mórán é sin, ach ba é an cleachtadh a bhí againn maireachtáil taobh istigh de na hacmhainní a bhí againn. Bhí muid in ann codladh go suaimhneach. Sin rud nach bhfuil go leor in ann a dhéanamh na laethanta seo de bharr morgáistí agus iasachtaí airgid a bhronn bainceanna ar an tuiscint mar a dúirt an Rialtas go minic nach raibh baol ar an tír dul ar ais go dtí na droch laethanta arís.

Cé go bhfuil cuid mhaith ceantair tuaithe go mór mór na Pobail Ghaeltachta is fuide siar i gConamara, nach bhfaca dé ná deatach ar an tíogar ceilteach. Ní raibh na ceantair seo ar an mapa chor ar bith nuair a bhí airgead dhá ligean le gaoth, ach b'fhéidir go bhfuil an cultúr agus an teanga chomh maith as inniu, nó an bhfuil?

Mar sin féin, lena bhfuil de chaint faoin nGaeltacht agus faoin nGaeilge a chaomhnú, agus an deis iontach a bhí ann le deich mbliana nach raibh ann cheana ariamh, ní h-iaid na ceantair seo a fuair tús áite. Cuireadh ar an méir fhada iad arís eile agus anois sé an port céanna arís é - níl aon airgead ann. Vótaí agus airgead a thugann tús áite do na ceantair a roghnófar nuair a thagann sé go dtí fostaíocht agus forbairt agus ní teanga ná cultúr.

Ach tá pleananna móra don todhchaí bóthar nua as Gaillimh go Scríb. Is gearr anois go gcloisfidh muid arís agus na toghcháin áitiúil ag teacht aníos, faoi Ionad an Phiarsaigh i Rosmuc. Tuismitheoirí atá ag tógáil clainne sa bpobal inniu, ní raibh siad ach ag cur na bhfiacra nuair a tosaíodh ag caint ar Ionad an Phiarsaigh ar dtús. Níl aon toghchán áitiúil ná Náisiúnta le mo chuimhne nach é Ionad an Phiarsaigh a bhí i gceist ag polaiteoirí ag doirse anseo i Rosmuc agus beidh an uair seo freisin. Tá chuile sheans go mbeidh an míleáiste céanna dhá bhaint as an mbóthar nua as Gaillimh le linn

toghcháin sna blianta amach romhainn. Seift é seo le aird a tharraingt ó na rudaí práinneacha a theastaíonn a dhéanamh go géar. Tá droch-chaoi ar na bóithre, go mór mór bóithre bailte, gan trácht ar chúrsaí uisce reatha. Tá córas bandaleathan ag teastáil go géar má tá sé i gceist iarracht ar bith obair a mhealladh go dtí na ceantair seo, gan caint ar sheirbhísí eile atá riachtanach do mhuintir an phobal nach féidir a fheabhsú ná a chur ar fáil ceall ionaid cheart.

An ghéarchéim eacnamaíochta an scéal is mó sa tír faoi láthair. Sé leithscéal an Rialtais go bhfuil sé amhlaidh ar fud an domhain, agus tá, ach ní aon tír eile is cúis leis an gcaimiléireacht a bhí ar siúl sa tír seo. Caimiléireacht a rinne saibhreas aisteach do lucht forbartha agus do bhaincírí le beannacht an Rialtais. Caimiléireacht a bhfuil muid ar fad ag íoc as anois, go mór mór teaghlaigh óga a bhfuil morgáistí móra acu, agus nach bhfuil a fhios acu anois cén chaoi nó cé as a dtiocfaidh an tairgead lena n-íoc agus an chaoi atá ar chúrsaí fostaíochta. Ár ndóigh níl an imirce mar leigheas ar an scéal an uair seo. Is iomaí duine a bheadh sásta dhá mbeadh faraor, cé gur cheap muid go raibh deireadh go deo leis an imirce.

An díomá is mó ná, nach raibh duine ar bith sa Rialtas a bhí sách macánta, ná de dhílseacht iontu ó thaobh leas na tíre, labhairt suas agus a rá nach raibh siad sásta a bheith i Rialtas a bhí dá rith ag baincírí, forbróirí agus polaiteoirí santach a bhí ag scriosadh na tíre. Cén chaoi a mbeadh muinín ag aon duine sa tír sa Rialtas ná i bpolaiteoirí feasta.

Bhí sé ráite riamh nach é an dlí céanna atá ann don duine saibhir agus don gnáthdhuine. Mar shampla, cuirfead bean i bpríosún mar gheall ar a bheith ag cosaint maoin na tíre agus cearta pobail, agus ar an taobh eile tá an dream a bhfuil an tír bánaigh acu saor. Is dearg mhagadh é seo faoi gnáthmhuintir na tíre. Tá an Rialtas ag rá go bhfuil siad ag déileáil leo ach ní chreideann duine ar bith go gcaithfidh aon duine acu seo tamall i bpríosún, is beag an baol.

Eagarfhocal